**RABHADH**

**Ní mór duit an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA h-ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2003, MAIDIN 9.30 – 12.00**

## EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Roinn I agus **ceithre** cheist as Roinn II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Roinn I.

### ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

### ROINN II (200 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt id leabha(i)r freagraí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).

**NÁ DÉAN DEARMAD AN PÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA LEABHA(I)R FREAGRAÍ A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN II A FHREAGAIRT**

# ROINN I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag.**
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Luaigh an íocaíocht atá ar **dhá cheann** ar bith de na tosca táirgeachta seo a leanas a úsáid:

**(i)** Talamh: ______________________________

**(ii)** Saothar: ______________________________

**(iii)** Caipiteal: ______________________________

**2.** Tá an caiteachas ar ragobair bhia mar % d'ioncam na dteaghlach in Éirinn:
Cuir (✓) sa bhosca cuí

**(i)** ag ardú ☐

**(ii)** seasmhach ☐

**(iii)** ag titim ☐

**3.** Ar Chlár Comhardaithe, is é an Glanfhiúchas ná an difríocht idir

____________________________________ agus ____________________________________________.

**4.** Is féidir praghas cothromaíochta a shainmhíniú mar: ____________________________________________

______________________________________________________________________________________

**5.** Cad is feirm theaghlaigh ann?

______________________________________________________________

______________________________________________________________________________________

**6.** Luaigh **DHÁ** chritéir a d'fhéadfadh a bheith mar threoir ag feirmeoirí agus iad ag déanamh cinntí táirgeachta.

**(i)** ________________________________________________________________________________

**(ii)** ________________________________________________________________________________

**7.** Is é an tomhas cuí ar mhéid ghnó ar nós feirme ná ____________________________________________

**8.** Déanann an fheidhm tháirgeachta cur síos ar an ngaolmhaireacht idir ____________ agus ____________.

9. Mínigh an téarma *conacra*:

______________________________

10. Luaigh tréith **AMHÁIN** de mhargadh iomaíoch foirfe.

______________________________

11. Luaigh sócmhainn sheasta **AMHÁIN** ar Chlár Comhardaithe feirme.

______________________________

12. Is iad praghas na táirgeachta agus ______________ na táirgeachta a dheimhníonn ioncam feirmeoirí.

13. Luaigh sampla **AMHÁIN** d'*íocaíochtaí aistritheacha* i gcuntais theaghlach:

______________________________

14. Ainmnigh **DHÁ** phríomheagraíocht feirmeoireachta na hÉireann:

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

15. Mínigh *rótharraingt bhainc*?

______________________________

16. Luaigh an **DÁ** phríomh-mhodh chun talamh a fháil in Éirinn:

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

17. Déanann na ballstáit maoiniú ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh ar roinnt bhealaí: Ainmnigh bealach **AMHÁIN** díobh:

______________________________

18. Luaigh an phríomhfhoinse eolais in Éirinn ar dháileadh ioncam feirme laistigh den fheirmeoireacht?

______________________________

19. Luaigh **DHÁ** cheann ar bith de na híocaíochtaí díreacha, nó "seiceanna sa phost", a fhaigheann feirmeoirí anois:

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

20. Is é atá i gclár chúnamh iltaobhach na hÉireann ná:

______________________________

***Ná déan dearmad an páipéar ceisteanna seo a thabhairt ar ais leis an/na leabha(i)r freagraí a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.***

# ROINN II (200 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt i do leabha(i)r freagraí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).


**1.** **(a)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste agus **DHÁ** mhíbhuntáiste a bhaineann le feirmeoireacht pháirtaimseartha.

**(b)** **(i)** Is é an t-athrú is suntasaí ar an meascadh acmhainní i gcúrsaí feirmeoireachta ná caipiteal a chur in ionad saothair. Cad iad na staitisticí a bheadh uait chun an t-ionadú seo a chainníochtú?

**(ii)** Tabhair cuntas ar **DHÁ** staidéir a chuireann a leithéid sin eolais ar fáil agus imlínigh na difríochtaí atá idir thorthaí an dá staidéar.

**[50 marc]**

**2.** Léiríonn an léaráid thíos méadú ar phraghas talún idir 1990 agus 2000. Déan cóip den léaráid i do leabhar freagraí.



**(a)** Cuir lipéad ar na haiseanna, ar an éileamh ar thalamh i 1990 agus 2000, agus ar an soláthar talún, a thuigtear a bheith mar an gcéanna an dá bhliain.

**(b)** Taispeáin ar an léaráid praghas cothromaíochta na talún **i ngach ceann** den dá bhliain.

**(c)** Mínigh **DHÁ** chúis leis an athrú ar an éileamh ar thalamh idir 1990 agus 2000.

**[50 marc]**


**3.** Baintear úsáid as trí chineál buiséid i bpleanáil feirme: Páirt-bhuiséad, Buiséad Iomlán agus Buiséad Caipitil.

**(a)** Mínigh **gach ceann** de na trí chineál, agus luaigh go soiléir na himthosca ina n-úsáidtear gach buiséad díobh.

**(b)** Luaigh **DHÁ** shampla de rudaí neamh-airgid sa bhfeirmeoireacht.

**[50 marc]**

**4.** Léiríonn an léaráid thíos an ghaolmhaireacht idir ioncam agus costais ar fheirm de réir mar a mhéadaíonn an leibhéal táirgeachta.




**(a)** Tarraing an léaráid i do leabhar freagraí agus luaigh ar an léaráid:

**(i)** ioncam iomlán (TR)
**(ii)** costais sheasta (FC)
**(iii)** costais athraitheacha (VC)
**(iv)** costais iomlána (TC)

**(b)** **(i)** Déan idirdhealú idir costais sheasta agus costais athraitheacha i gcúrsaí feirmeoireachta.
**(ii)** Luaigh **DHÁ** shampla de ghach saghas costas sa bhfeirmeoireacht.

**(c)** Sainaithin an leibhéal táirgeachta is brabúsaí ar an léaráid atá tarraingthe agat.

**[50 marc]**

**5.** **(a)** Cad a thuigeann tú leis an gcúngach praghsanna-costas ar ioncaim feirme?


**(b)** Mínigh an bhaint atá ag an éileamh ar tháirgí, soláthar táirgí agus praghsanna táirgí leis an bpróiseas seo.

**(c)** Cad is féidir le feirmeoir a dhéanamh ar an bhfeirm chun teacht slán sa chúngach seo?

**[50 marc]**

**6.**

## Córas Tacaíochta CAP




**(a)** De réir na léaráide thuas de chóras ginearálta tacaíochta praghsanna CAP, sainaithin na praghsanna atá curtha in iúl ag A, B, C, D agus E.

**(b)** Luaigh garleibhéal phraghasanna margaidh an AE faoin gcóras tacaíochta seo:

**(i)** nuair a bhíonn easnamh tráchtearra laistigh den AE.

**(ii)** nuair a bhíonn barrachas tráchtearra laistigh den AE.

**(c)** Cad iad aisíocaíochtaí onnmhairíochta?

**[50 marc]**

***Ná déan dearmad an páipéar ceisteanna seo a thabhairt ar ais leis an/na leabha(i)r freagraí a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt***